Coláiste Cholmcille
Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91 YH30.
gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Iúr Connáin
Galway and Roscommon Education and Training Board
Fón: 091-593119
ccc@gretb.ie
www.colaistecholmcille.ie

Polasaí Fón Póca

Réamhrá:

Tá fón póca ag mórán gach scoláire sa lá atá inniu ann. Aithníonn Coláiste Cholmcille go bhfuil sé de cheart ag scoláire fón póca a bheith aige/aici agus aithnímid freisin na gnéithe dearfacha a bhaineann leis seo. Bíonn an fón póca úsáideach mar áis teagmhála agus mar fhoinse eolais. In ainneoin sin, ní féidir leis an gceart sin cur as do theagasc agus d'fhoghlaim.

Tá contúirtí ann do phobal na scoile (scoláirí, tuismitheoirí, cuairteoirí, baill foirne, cóitseálaithe, bainistíocht) de bharr mí-úsáid meáin leictreonacha. Déanfaidh an scoil gach iarracht cearta, dínit phearsanta agus ceart príobháideachais gach duine de phobal na scoile a chosaint.

Déanfaidh Coláiste Cholmcille chuile iarracht úsáid cneasta a chothú i measc na scoláirí. Cuirfear treoir agus oiliúint ar fáil, idir ranganna Folláine agus Treoir agus Ceardlanna Ciberbhulaíochta agus Sábháilteacht ar Líne.

Eascraíonn cur chuige an Polasaí Fón Póca athbhreithnithe Ciorclán 0045/2025 na Roinne Oideachais agus ó suirbhéanna a cuireadh ar phobal na scoile agus ó thaithí an fhoireann teagaisc tar éis dhá threimhse de "Seachtain Feasachta Fón Póca".

Réasúnaíocht:

- Tá ardú mór tagtha ar an úsáid a bhaintear as fóin phóca.
- Tá ardú mór tagtha ar an mhí-úsáid a bhaintear as fóin phóca.
- Cosc a chur ar chiberbhulaíocht sa scoil le linn am scoile.
- Is féidir le fóin phóca cur as don Teagasc agus don Fhoghlaim nuair a bhaintear úsáid astu ar bhealach mí-chuí sa seomra ranga.
- Feictear go bhfuil laghdú ar líon na scoláirí a fhágann an scoil go luath nuair nach bhfuil fáil ag an scoláire ar an bhfón póca.
- Tuairiscíonn na múinteoirí go bhfuil poncúlacht na scoláirí ag an rang níos fearr agus go bhfuil na scoláirí níos dírithe ar an obair ranga ar feadh faid an ranga ina iomláine go dti go mbuaileann an clog.
- Sonraíonn na múinteoirí go bhfuil níos mó cumarsáide agus idirghníomhaíocht idir na scolairí le linn am sosa agus am lóin nuair nach bhfuil fáil acu ar an bhfón póca.

Aidhmeanna:

- Na scoláirí a bheith dírithe ar an dTeagasc agus Foghlaim sa rang/ar scoil.
- Timpeallacht saor ó bhagairt nó sárú príobháide a chruthú do scoláirí agus foireann scoile le linn dóibh a bheith ar scoil.
- Cibearbhulaíocht i measc scoláirí sa scoil, le linn am scoile a chosc.

- Idirghníomhaíocht agus cumarsáid i láthair go pearsanta idir na scoláirí a spreagadh.

Rialacha:

Clúdaíonn na rialacha seo fón póca, uaireadóir cliste agus gléasanna eile pearsanta leictreonacha cumarsáide agus taifeadta.

- **Tá cosc iomlán ar <u>úsáid</u> fón póca <u>le linn am scoile</u> i gColáiste Cholmcille.**

Ciallaíonn úsáid;

- An fón a bheith casta ar siúil
- Ag cur glaoch nó ag fáil glaoch.
- Ag seoladh nó ag fáil teachtaireacht.
- Ag tógáil pictiúir
- Ag tógáil físeain
- Ag seiceáil an am
- Ag imirt cluichí
- Ag úsáid an idirlíon
- Ag éisteacht le ceol
- Ag úsaid an áireamháin
- Níl cead pictiúr a thógáil, taifead físe nó glór a dhéanamh ar bhall foirne nó scoláire eile sa rang, ar láthair na scoile ag aon am den lá nó ag imeachtaí scoile.

Ciallaíonn le linn am scoile;

- Ó 9.00r.n go 3.45i.n. ó Luan go Déardaoin agus ó 9.00r.n. go 1.30i.n. Dé hAoine / chomh luath is atá an scoláire ar láthair na scoile ar maidin go bhfágann siad láthair na scoile tráthnóna
- Roimh nó i ndiaidh na hamanta sin má tá an scoláire ar thuras nó ag imeacht scoile.

- Moltar don scoláire an fón póca a fhágáil sa mbaile.
- Tá an scoláire féin freagrach as an fón póca agus ní ghlacann Coláiste Cholmcille aon fhreagracht airgeadais i leith damáiste, cailliúint ná goid.

Smachtbhannaí:

- Má fheictear scoláire ag úsáid fón póca le linn an lae scoile caithfidh an scoláire an fón a thabhairt don mhúinteoir ar an bpointe.
- Tabharfar an fón do bhainistíocht no baill foirne na scoile agus cuirfear tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas. Coinneofar an fón san oifig agus baileoidh an scoláire an fón ag deireadh an lae.
- Má dhiúltaíonn an scoláire an fón a thabhairt don mhúinteoir, cuirfear é seo in iúl do bhainistíocht na scoile. Déanfar teagmhál le tuismitheoir/ caomhnóir an scoláire sin agus iarrfar orthu a theacht go dtí an scoil.
- Má fheictear scoláire le fón póca **<u>arís</u>** caithfidh an scoláire an fón a thabhairt don mhúinteoir ar an bpointe.
- Tabharfar an fón do bhainistíocht na scoile. Coinneofar an fón san oifig agus iarrfar ar tuismitheoir/caomhnóir an fón a bhailiú on scoil.
- Má dhéantar sárú tromchúiseach nó leanúnach ar na rialacha seo, cuirfidh bainistíocht na scoile agus Bord Bainistíocht na scoile smachtbhannaí oiriúnacha i bhfeidhm mar atá leagtha síos i bPolasaí Iompair na Scoile.

Ról an Tuismitheora / Chaomhnóra:

- Tacú le riail na scoile maidir le fón póca le linn am scoile agus ag imeachtaí scoile agus an riail sin a mheabhrú dá m(h)ac/ (h)iníon.
- **Tá an fhreagracht ar thuismitheoirí/caomhóirí féachaint chuige nach mbíoinn mí-úsáid nó bulaíocht á dhéanamh ag úsáid an fhóin póca taobh amuigh d'uaireanta scoile.**
- Iarrtar ar thuismitheoirí / caomhnoirí teagmhál a dhéanamh le hoifig na scoile ag 091 593119 maidir le scoláirí a bhailiú ón scoil.
- Is tríd oifig na scoile amháin a déantar teagmhál le tuismitheoirí le linn am scoile idir 9.00r.n – 5.00i.n.

Sínithe: _____ **Dáta:** 25/06/2025

Cathaoirleach,

Bord Bainistíochta.

Sínithe: Peadar Ó Sé **Dáta:** 25-06-2025

Rúnaí,

Bord Bainistíochta.

Príomhoide na scoile.